Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2024
(OR. en)

15895/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0303 (NLE)**

**RESUA 20**
**FIN 1037**
**ECOFIN 1350**
**ELARG 166**
**COEST 669**
**DEVGEN 186**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena suitear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha i dtaca le híocaíocht na dara tráthchoda den tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha agus den tacaíocht iasachta faoi Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena suitear comhlíonadh sásúil
na gcoinníollacha i dtaca le híocaíocht na dara tráthchoda
den tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha agus den tacaíocht iasachta
faoi Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin[1], agus go háirithe Airteagal 26(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Colún I den tSaoráid don Úcráin ('an tSaoráid'), cuirtear tacaíocht airgeadais suas le EUR 38 270 000 000 ar fáil don Úcráin le haghaidh na tréimhse 2024-2027 i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha agus iasachtaí. Déantar maoiniú faoi cholún I a leithdháileadh go príomha ar bhonn Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin ('an Plean'). Leagtar amach sa Phlean clár oibre athchóirithe agus infheistíochta don Úcráin, agus na céimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla a bhfuil nasc acu leis an gcistiú faoi cholún I den tSaoráid.

(2) De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2024/792, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú ar an bPlean trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447[2], lena leagtar amach an tráthchlár chun faireachán a dhéanamh ar an bPlean agus chun é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na céimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla a bhfuil nasc acu leis an gcistiú faoi cholún I den tSaoráid.

(3) Is é EUR 32 270 000 000 an méid foriomlán acmhainní airgeadais a chuirtear ar fáil don Phlean faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447, a bhfuil EUR 5 270 000 000 de i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha agus suas le EUR 27 000 000 000 de i bhfoirm iasachta.

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (IO L, 2024/1447, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1447/oj).

(4) I gcomhréir le hAirteagail 24 agus 25 de Rialachán (AE) 2024/792, eisíocadh EUR 6 000 000 000 leis an Úcráin mar mhaoiniú idirlinne eisceachtúil agus eisíocaíodh EUR 1 890 000 000 leis an Úcráin i bhfoirm réamh-mhaoiniúcháin, ar réamhíocaíocht 7 % den tacaíocht iasachta é a bhfuil an Úcráin incháilithe lena fáil faoin bPlean.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2024/792, eisíocadh EUR 4 165 092 857 leis an Úcráin faoin gcéad tráthchuid, a raibh EUR 1 500 000 000 de i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha agus a raibh EUR 2 665 092 857 de i bhfoirm iasachtaí. I gcomhréir leisan gComhaontú Iasachta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an Úcráin de bhun Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2024/792, úsáideadh méid EUR 200 598 387 ón gcéad tráthchuid chun réamh-mhaoiniú na hiasachta a imréiteach.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2024/792, an 10 Deireadh Fómhair 2024, chuir an Úcráin iarraidh isteach ar íocaíocht na dara tráthchoda den tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha agus den tacaíocht iasachta, méid dar luach EUR 4 248 847 926, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, agus sholáthar sí fianaise lena léirítear comhlíonadh sásúil ocht gcinn den na naoi gcéim cháilíochtúla agus chainníochtúla. Cuireadh isteach fianaise bhreise a bhaineann le comhlíonadh sásúil na céime a bhí fágtha an 31 Deireadh Fómhair 2024. Na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 12 den Chreat-Chomhaontú, Airteagal 5 den Chomhaontú Maoiniúcháin agus Airteagal 6 den Chomhaontú Iasachta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an Úcráin de bhun Airteagail 9, 10 agus 22 faoi seach de Rialachán (AE) 2024/792, bhí siad ag gabháil leis an iarraidh.

(7) I gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447, sholáthar an Úcráin, in éineacht lena hiarraidh ar íocaíocht, fianaise lena léirítear comhlíonadh sásúil na naoi gcéim a bhí dlite faoi R3-2024. Baineann na naoi gcéim sin le hathchóirithe éagsúla a leagtar amach sa Phlean faoi na caibidlí maidir leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe agus an sciúrtha airgid, an caipiteal daonna, an timpeallacht ghnó, an dílárú agus an beartas réigiúnach, an earnáil fuinnimh agus an t-aistriú glas agus cosaint an chomhshaoil. Tugadh an deis d'Oifig Ionchúisitheora Speisialaithe in aghaidh Éilliú na hÚcráine a lucht saothair a mhéadú. Glacadh an Plean Gníomhaíochta maidir le cur chun feidhme na Straitéise um Aisghabháil Sócmhainní le haghaidh 2023-2025, an Straitéis um Fhorbairt Dhéimeagrafach le haghaidh na tréimhse go dtí 2040, an Plean Gníomhaíochta maidir le dírialáil agus na rúin lena leasaítear Straitéis an Stáit um Fhorbairt Réigiúnach le haghaidh 2021-2027. Ina theannta sin, forbraíodh an nóta coincheapa lena leagtar amach raon feidhme na maoluithe ó na rialacha maidir le Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol agus Measúnú Straitéiseach Comhshaoil. Ar deireadh, tháinig na dlíthe maidir leis an gCód Coiriúil agus Cód Nós Imeachta Coiriúil agus maidir le truailliú tionsclaíoch agus an reachtaíocht thánaisteach maidir le Sláine agus Trédhearcacht an Mhargaidh Mórdhíola Fuinnimh i bhfeidhm.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2024/792, rinne an Coimisiún measúnú mionsonraithe ar iarraidh na hÚcráine agus rinne sé measúnú dearfach ar chomhlíonadh sásúil na naoi gcéim cháilíochtúla agus chainníochtúla le haghaidh na dara tráthchoda, mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Rinneadh an measúnú dearfach sin i gcomhthéacs chur chun feidhme an Phlean. Éascófar tuilleadh ailínithe le *acquis* an Aontais trí phróiseas aontachais an Aontais.

(9) Measann an Coimisiún go leanann an Úcráin den réamhchoinníoll a chomhlíonadh maidir le tacaíocht ón Aontas mar a leagtar amach in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2024/792. Go háirithe, leanann an Úcráin de shásraí éifeachtacha daonlathacha a choinneáil ar bun agus a urramú, lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtíoch agus an smacht reachta, agus urraim do chearta an duine a ráthú, lena n-áirítear na cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad.

(10) Dá bhrí sin, leis an gCinneadh seo ba cheart comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha ábhartha i dtaca le híocaíocht na dara tráthchoda faoin bPlean a shuí.

(11) I bhfianaise na staide fioscaí deacra atá roimh an Úcráin, tá sé ríthábhachtach na cistí a eisíoc a luaithe is féidir. I bhfianaise phráinn na staide agus chun dlús a chur leis an bpróiseas, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Suitear leis seo comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha ábhartha i dtaca le híocaíocht na dara tráthchoda dar luach EUR 4 248 847 926 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 i gcomhréir leis an measúnú arna sholáthar ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/792, atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh ..., …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*